

Tamall ag guí i láthair na hEocairiste

i gCill Éinde, An Spidéal
Gach Satharn 10am—11am
Páidrín gach Domhnach
@ 5.00i.n.
Fáilte roimh cách

Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:

Cill Éinde (Paróiste)
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)
IBAN: IE50AIBK93740104660161
BIC: AIBKIE2D
Oibreacha deisiúcháin riachtanacha
IBAN IE02AIBK937401046608 31

Tacaíocht Airgeadais an Pharóiste

Beidh na clúdaigh nua do 2027 á ordú anois. Arís, impím ar dhaoine na clúdaigh seo a úsáid mar go gcabhraíonn siad le ioncam an pharóiste a choinneáil leibhéal ó sheachtain go seachtain. Cabhraíonn siad go speisialta i gcás daoine a íocann cáin, mar go mbíonn an paróiste in ann an cáin a fháil ar ais. Má tá daoine nua atá sásta bosca a thógáil, bhéinn an-bhuíoch ach an fhoirm a líonadh.

(Tá na foirmeacha ar fáil ag na doirse) agus san Oifig nó ríomhphoist a sheoladh chuig cilleinde@outlook.ie.

Molaigí an Tiarna

Curfá
Molaigí an Tiarna, Molaigí an Rí,
Molaigí ár Slánaitheoir, Molaigí an Críost.
Molaigí an Tiarna, Molaigí an Rí,
Molaigí ár Slánaitheoir, Molaigí an Críost.


Véarsa
Tagaigí ag damhsa, Tagaigí ag caint,
Tagaigí ag canadh, Tagaigí ag seinnt.
(Curfá)

Véarsa
Canaigí go glórmhar, Canaigí go hard,
Canaigí go croíúil, Canaigí le grá. (Curfá)

Le háthas is le lúcháir Dé

Le háthas is le lúcháir Dé a scarfaimid anois,
Mar i gcosa láidre Dé a bheas ár siúl.
I súile caoine Dé a fheicfear a chéile
Is dóchas Dé a thabharfaidh misneach dhúinn
Agus Alleluia.


Le Spiorad Dé a oibreoimid an tseachtain romhainn anois,
Is síocháin Dé a líonfaidh suas ár gcroí.
Le briathra Dé a labhróimid go cneasta dearfa binn,
'S le háthas Dé a fhillfimid arís
Agus Alleluia.



Aifrinn na Marbh 2ú - 10ú Samhain

Cé go mbeimid ag guí ag na hAifrinntí seo ar son na ndaoine atá ainmnithe againn ar Liostaí na Marbh, beidh dara intinn gach lá chomh maith chun cabhrú lenár gcuid smaointe a dhíriú ar a saoil, ar a gcreideamh agus mar a bhásaigh siad.

Clúdaigh le liostaí ar fáil ag na doirse.



Paróiste An Spidéil
32 Domhnach A
7ú & 8ú Samhain 2026

An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745 R*íomhphost:* cilleinde@outlook.ie
Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin,
Dé hAoine 10.00-2.00

Aifrinn & Intinní na Seachtaine

Cill Éinde, Spidéal

Dé Domhnaigh	8ú	11.00r.n.	Mary Lydon **Aifreann cionn míosa** *Seanadh Mhóinín* Mairín & Eamonn Ryan *Sidheán/B.A.C.* Catherine (Ca) Ní Chonghaile **Céad Cuimhneachán** *Cré Dhubh*
Dé Céadaoin	11ú	10.00r.n	Fearghas Mac Lochlainn *(An Cumann Scoildrámaíochta)*
Déardaoin	12ú	10.00r.n	*Missa Pro Populo*
Dé hAoine	13ú	10.00r.n	
Dé Domhnaigh	15ú	11:00r.n.	John Comerford **Aifreann cionn míosa** *Cor na Rón Lár* Nóra & Seán Mac Fhlannadha *Sidheán* Pádraig Ó Céidigh (Tomás) *Seannaghurráin* Sally Timlin (nee Ó Droighneáin) **3ú Cuimhneacháin** *Santry/Baile an tSléibhe*

Cill Treasa, Ros a'Mhíl,

Dé Sathairn	7ú	6.30i.n.	Seanín & Sally Ní Fhátharta *Inis Meáin* Stephen, Bríd & Beachla Ní Churraoin *Baile Láir* Coilín Mac Donnacha *Barr Ruisín* Filimíne Uí Iarnáin **Céad Cuimhneahán** *Sailethúna/Spidéal* Mag & Máirtín Ó Gríofa *An Cheathrú Rua* Margaret Mary & Padraic Willie Mac Donnacha *Na Minna* Ann Costello **4ú Cuimhneachán** *Fermoyle* Seán Costello **8ú Cuimhneachán** *Coill Rua*
Dé Sathairn	14ú	6:30i.n.	Máire Steph Ní Chonghaile, Pat & Elizabeth Uí Chonghaile, Máire & Michael Kelly, Cóil & Stephen Kelly, Coilín Mullen & Mairín Uí Cheallaigh, Sarah Byrne, Teresa Molloy, Sorcha Rose Mc LoughlinMichaeleen Kelly agus paidir do Michelle O Donnell.

Cill Mhuire, Na Minna

Dé Domhnaigh	8ú	9:30am	Coilín Cooke *Minna* *Missa Pro Populo*
Dé Domhnaigh	15ú	9:30am	

Loinneog don Iontróid – Sm 87:3
Go dtaga m'urnaí i do láthair; tabhair cluas do ghlór mo ghuí, a Thiarna.

Gníomh Aithrí
Tusa a seoladh chun na daoine atá croíbhrúite a shlánú: *A Thiarna, déan trócaire.* **A Thiarna, déan trócaire.**

Tusa a tháinig chun glaoch ar na peacaigh: *A Chríost, déan trócaire.* **A Chríost, déan trócaire.**

Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, chun idirghuí ar ár son: *A Thiarna, déan trócaire.* **A Thiarna, déan trócaire.**

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacai dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

An Ghlóir
Glóir do Dhia sna harda,
agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.
Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú; tugaimid glóir duit;
gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;
a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.
A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,
tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.
Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.

Urnaí
A Dhia uilechumhachtaigh na trócaire, coinnigh i bhfad uainn an uile urchóid; go raibh saoirse agus sláinte anama agus choirp againn chun do riar a dhéanamh le lántoil. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

Liotúirge an Bhriathair

An Chéad Léacht
Sliocht as leabhar na hEagna – 6:12-16
Is niamhrach domhúchta í an Eagna'
taibhsítear í gan dua do na daoine a bhfuil grá acu di,
agus na daoine a bhíonn á lorg, faigheann siad í go furasta. Ligeann sí a haithne roimh ré leis na daoine a bhfuil dúil acu inti.
An té a éiríonn go moch ar a tóir, ní bheidh a shaothar in aisce aige mar gheobhaidh sé í ina suí ag a gheataí.
Is é barr na tuisceanna é machnamh uirti,
agus an té a dhéanann faire ar a son,
is gairid go mbeidh sé saor ó imní.
Óir téann sí féin timpeall ag lorg a díol de dhaoine;
agus le neart dea-mhéine taispeánann sí í féin dóibh ar na bóithre agus gluaiseann sí faoina ndéin gach uair a smaoiníonn siad uirthi.
Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

Salm le Freagra – Sm 62

Fr: Tá íota tarta ar m'anam chugat,
a Thiarna, a Dhia liom.

1. A Dhia, mo Dhia thú;
iarraim thú go dícheallach.
Tá íota tarta ar m'anam chugat,
santaíonn mo cholainn thú
amhail talamh atá tirim is spalptha cheal uisce. *(Fr)*

2. Osclaíonn sé súile na ndall,
tógann sé suas an dream atá crom.
Cumhdaíonn an Tiarna an coimhthíoch,
déanann tacaíocht don dílleachta is don bhaintreach. *(Fr)*

3. Tugann an Tiarna grá don fhíréan,
ach cuireann sé slí na bpeacach trí chéile.
Beidh an Tiarna i réim go brách,
ina Dhia, a Shíón, ó ghlúin go glúin. *(Fr)*

An Dara Léacht *Teasalónaigh - 4:13-18*
Sliocht as céadlitir N. Pól chuig na Teasalónaigh
A bhráithre, níor mhaith liom go mbeadh sibh aineolach i dtaobh na marbh i dtreo nach mbeadh sibh dobrónach ar nós na ndaoine eile atá gan dóchas. Creidimid go bhfuair Íosa bás agus gur aiséirigh sé; ar an gcuma chéanna déanfaidh Dia an mhuintir a fuair bás i bpáirt le Críost a thabhairt leis chomh maith.
Agus tá an méid seo le rá againn libh ar fhocal an Tiarna féin: an méid a mhairfidh beo dínn go dtí teacht an Tiarna, ní bheidh aon bhuntáiste againn orthu sin a bheidh tar éis bháis: mar nuair a thabharfar an fógra le glór an ardaingil agus le trumpa Dé, tiocfaidh an Tiarna féin anuas ó neamh agus ar dtús éireoidh na mairbh atá i bpáirt le Críost. Ansin, an méid againn a bheidh fós inár mbeatha, ardófar chun siúil sinn mar aon leo trí néalta na spéire in airicis an Tiarna, agus ar an gcuma sin beimid i dteannta an Tiarna go deo. Déanaigí a chéile a mhisniú, más ea, leis na briathra sin. *Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**

Alleluia, alleluia!
Bígí ag faire agus bígí ullamh, óir is ar an uair nach síleann sibh a thiocfaidh Mac an Duine.
Alleluia!

Soiscéal

Go raibh Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**
Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Matha 25:1-13
Glóir duit, a Thiarna.
Dúirt Íosa lena dheisceabail: 'Is iad dála ríocht na bhflaitheas mar a bhí ag deichniúr maighdean a chuaigh amach agus a lampaí acu in airicis an fhir nuaphósta. Cúigear díobh seo bhíodar gan tuiscint agus bhí an cúigear eile ciallmhar; mar, thug na mná gan tuiscint na lampaí leo agus gan aon ola acu, ach thug na mná ciallmhara ola ina bpróicíní leo chomh maith leis na lampaí. Bhí an fear nuaphósta ag déanamh moille, agus tháinig sámhán orthu uile agus thit siad ina gcodladh. Ach glaodh i lár na hoíche: "Chugaibh an fear nuaphósta! Amach libh ina airicis!: D'éirigh na maighdeana sin uile ina suí agus dheasaigh siad a lampaí. Ach dúirt na mná gan tuiscint leis na mná ciallmhara: "Tugaigí dúinn braon de bhur n-olsa, mar tá ár lampaíne in éag." D'fhreagair lucht na céille iad: "Le heagla," ar siad, "nach mbeadh ár ndóthain ann dúinn féin agus daoibhse, b'fhearr daoibhse dul go dtí lucht a díolta á ceannach daoibh féin." Bhíodar ag dul á ceannach nuair a tháinig an fear nuaphósta, agus iad seo a bhí ullamh, chuaigh siad isteach in éineacht leis chun na bainise, agus dúnadh an doras. Sa deireadh, tháinig na maighdeana eile freisin: "A thiarna, a thiarna," ar siad, "oscail dúinn!" Ach d'fhreagair sé agus dúirt: "Deirim libh go firinneach, níl aithne agam oraibh." Bígí ag faire, dá bhrí sin, mar níl a fhios agaibh an lá ná an uair.'
Soiscéal an Tiarna. **Moladh duit, a Chríost.**

Cré na nAspal
Creidim i nDia, an tAthair uilechumhachtach,
cruthaitheoir neimhe agus talún;
agus in Íosa Críost, a aon mhacsan, ár dTiarna,
a gabhadh on Spiorad Naomh,
a rugadh ó Mhuire Ógh;
a d'fhulaing páis faoi Phontius Pióláit,
a céasadh ar chrois,
a fuair bás agus a adhlacadh;
a chuaigh síos go hifreann,
a d'éirigh an treas lá ó mhairbh;
a chuaigh suas ar neamh;
atá ina shuí ar dheis Dé, an tAthair uilechumhachtach;
as sin tiocfaidh sé chun breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh.
Creidim sa Spiorad Naomh, sa NaomhEaglais Chaitliceach, i gcomaoin na naomh;
i maithiúnas na bpeacaí, in aiséirí na colainne,
agus sa mbeatha shíoraí. Amen.

Liotúirge na hEocairiste

Guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha,
chun onóra agus glóire a ainm,
chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.

Os Cionn na nOfrálacha

A Thiarna na trócaire, fógraímid páis agus bás do Mhic san Aifreann seo. Glac leis na hofrálacha seo dár gcuid agus deonaigh go leanfaimid eisean le grá agus le dílseacht. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

Rúndiamhair an chreidimh.
A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh muid, tusa a shaor muid trí do chros agus trí d'aiséirí.

Iarchomaoineach

Gabhaimid buíochas leat, a Thiarna na ceansachta, ar son an bhia lenar chothaigh tú sinn. Trí chumhacht do Spioraid neartaigh do bheatha dhiaga ionainn istigh, agus coinnigh dílis sinn le cabhair do ghrásta. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

An Deasghnáth Deiridh

Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**

Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**